# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Scéim Mharcála

# GaeilgeT2

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. An scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta.**

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a iarraidh air/uirthi a fhreagairt?

**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, mar shampla ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta, srl?

**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?

**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc, agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, mar shampla ailt, camóga in úsáid, srl?

**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir is atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann? An bhfuil botúin ghramadaí ann? Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga? Srl.

**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.

**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú? Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú? Srl.

**Litriú agus poncaíocht**: - Cé chomh cruinn is atá litriú agus poncaíocht an iarrthóra?

Ó am go chéile is féidir le hiarrthóirí roinnt bheag botún litrithe agus/nó poncaíochta a dhéanamh agus gan pionós ar bith a ghearradh orthu. Is cóir do scrúdaitheoirí caighdeán an stóir focal a úsáideann an t-iarrthóir a chur san áireamh. Ní dhéantar aon mheasúnú ar litriú ná ar phoncaíocht i gceisteanna ilrogha. Anuas air sin, ní ghearrtar aon phionós mar gheall ar dhroch-Ghaeilge ar scripteanna a bhfuil an scéim mharcála mhodhnaithe le cur i bhfeidhm orthu.

| Leibhéal na bhFreagraí | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Ard** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas leanúnach ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis<br>• Smaointe léirithe atá úrnua, léirsteanach, ard-mhachnamhach, a thaispeánann cumas agus cruthaitheacht nuair is gá<br>• Forbairt chumasach ar smaointe, agus úsáidfear ábhar tacaíochta go minic agus go cruinn<br>• An t-eolas eagraithe go han-éifeachtach agus struchtúr ciallmhar soiléir air<br>• Sainréim teanga atá ábhartha don tasc in úsáid go leanúnach agus an-tuiscint léirithe tríd síos<br>• Teanga shaibhir curtha in iúl ar bhealach an-éifeachtúil agus líofa a léireoidh úsáid sciliúil, uaillmhianach teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán an-ard<br>• Saibhreas teanga le stór focal fairsing a léireoidh an-tuiscint ar an gceist. |
| **Meán** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas ó am go chéile ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis ach beidh an fócas imithe ar strae uaireanta freisin<br>• Smaointe atá oiriúnach don tasc, machnamhach go maith agus cumas le sonrú<br>• Roinnt forbartha déanta ar smaointe agus úsáidfear ábhar tacaíochta anois agus arís<br>• Ord, eagar agus struchtúr réasúnta ann, mar shampla ailt, srl. – ach ní tríd síos<br>• Teanga atá ábhartha don tasc in úsáid – ach ní tríd síos<br>• Teanga mhaith in úsáid agus tuiscint mhaith curtha in iúl ar bhealach réasúnta soiléir agus ábalta, a léireoidh úsáid chiallmhar teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán maith – ach gan a bheith saor ó locht<br>• Stór focal dóthanach a léiríonn tuiscint mhaith ar an gceist. |
| **Íseal** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Streachailt le freagra a thabhairt ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis, beidh go leor botún ann, beidh an freagra ag brath ar achoimre, ní léireofar tuiscint<br>• Smaointe loma nach bhfuil soiléir, eolas nach mbaineann leis an tasc, beagán machnaimh déanta agus tuiscint lag léirithe<br>• Fíor-bheagán forbartha déanta ar smaointe agus ní úsáidfear ábhar tacaíochta go cruinn, go minic ná ar chor ar bith<br>• Easpa tuisceana ar eagar agus ar struchtúr na teanga, is minic go mbeidh an obair míshlachtmhar, mí-eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste in úsáid, easpa feasachta ar chomhréir agus ar phatrúin na teanga, easnaimh bhunúsacha tríd síos<br>• Teanga theoranta curtha in iúl ar bhealach doiléir<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán íseal – go leor lochtanna tríd síos<br>• Stór focal teoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnacha. |

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí / ceart / ábhartha.<br>Obair lena ngabhann fiúntas. |
| ✖ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga.<br><br>Eolas míchruinn |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach bán/roinn bhán feicthe ag an scrúdaitheoir |
| NR/GF | Gan freagra | Níor freagraíodh an cheist |
| [0] | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| **SMM** | Scéim mhodhnaithe Mharcála | Do iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta ceadaithe dóibh. |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 30 marc | Éisteacht | 3 cheist |
| Roinn B | 240 marc | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 7 gceist |

**Nóta don iarrthóir:**

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa leabhrán seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair.

**Nóta don scrúdaitheoir:**

Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

Ní mór don scrúdaitheoir siombailí anótáilte a chur ar gach leathanach agus ar gach ceist agus focheist ar na scripteanna.

Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch.21** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil socruithe réasúnta ceadaithe dóibh.

| Roinn A | Cluastuiscint | 45 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cá fhad atá an madra treorach ar iarraidh?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| 1 lá | ☐ |
| 3 lá | √ **= 3 mharc** |
| 7 lá | ☐ |

**(b)** Cén aois é an madra treorach?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Dhá bhliain d'aois | ☐ |
| Trí bliana d'aois | ☐ |
| Ceithre bliana d'aois | √ **= 3 mharc** |

**(c)** Cén uair a goideadh an madra, dar leis na Gardaí?

*Trí lá ó shin / idir a sé agus a seacht a chlog tráthnóna Dé Sathairn seo caite.* **= 3 mharc**

**(d)** Cén duais atá Seán sásta a bhronnadh ar aon duine a thugann a mhadra ar ais dó?

*€100* **= 3 mharc**

**(e)** Cad ba chóir do dhaoine a dhéanamh má tá aon eolas acu faoin madra seo?

*Ba cheart dóibh glaoch ar na gardaí / glaoch ar an uimhir 096 21789.* **= 3 mharc**

**Ceist 2** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú fógra sa cheist seo. Cloisfidh tú an fógra **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cad is ainm don fheachtas nua?

*Glas agus Glan* **= 3 mharc**

**(b)** Cad a bheidh le cur sna boscaí nua glasa?

*Bruscar páipéir* **= 3 mharc**

**(c)** Cad air a mbeidh cosc ón 1 Deireadh Fómhair ar aghaidh?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Beidh cosc ar cheapairí. | ☐ |
| Beidh cosc ar bhoscaí lóin. | ☐ |
| Beidh cosc ar phlaisteach aonúsáide. | √ **= 3 mharc** |

**(d)** Conas a bheidh ar dhaoine a gcuid ceapairí a iompar?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| I malaí plaisteacha | ☐ |
| I mboscaí lóin | √ **= 3 mharc** |
| I bhfleascanna | ☐ |

**(e)** Cén duais ba mhaith leis an scoil a bhuachan roimh dheireadh na bliana?

*Bratach ghlas* **= 3 mharc**

**Ceist 3** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**Mír 1**

**(a)** Cá bhfuil Ruairí anois?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | | |
|---|---|---|
| Sa seomra ranga | √ | **= 3 mharc** |
| Sa halla spóirt | ☐ | |
| I gceaintín na scoile | ☐ | |

**(b)** Cén fáth nach raibh Ruairí ag éisteacht leis an múinteoir?

*Bhí cluasáin ina chluasa aige / bhí sé ag éisteacht le ceol* **= 3 mharc**

**Mír 2**

**(c)** Luaigh **dhá** áit a raibh Ruairí agus a aintín Nóra inné.

*Siopaí*
*Bialann*
*Pictiúrlann*
*Cathair*
*Baile mór*

| |
|---|
| 1: **= 3 mharc** |
| 2: **= 3 mharc** |

**(d)** Cad a bheidh ar Ruairí a dhéanamh tráthnóna Dé hAoine?

*Fanacht siar ar feadh uair an chloig leis an obair bhaile sin a chríochnú!*
*Fanacht siar sa scoil.*
*Obair bhaile.*

**= 3 mharc**

| Roinn B | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 225 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** **(65 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

## Achainí déanta ag déagóirí ar cheannairí an domhain

**1.** Rinne daoine óga as Gaeltacht Chonamara i gContae na Gaillimhe achainí ar cheannairí an domhain dul i ngleic go práinneach le bagairtí an athraithe aeráide ar an timpeallacht. Déantar cur síos i litir ar an dóigh a bhfuil an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar thránna agus ar phortaigh in iarthar na tíre. Bronnadh an litir ar ghrúpa taighdeoirí as Ollscoil na Gaillimhe a bhí ag freastal ar chomhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe faoin athrú aeráide.

Seo a deirtear sa litir:

A Dhomhain Mhóir,

**2.** Ón bpobal beag seo ar imeall na hEorpa, tá bhur gcuid cúnaimh á éileamh againn. Tá cónaí orainne ar chósta thiar na hÉireann, idir portach agus cladach, áit a raibh meas riamh ar an bhfarraige. Nuair a bhíonn sí socair téimid ag snámh agus ag iascaireacht. Ach le teacht an athraithe aeráide, tá na rudaí is luachmhaire atá againn ag teacht chun cinn mar bhagairtí. Tá leibhéal agus teocht na farraige ag ardú go leanúnach. Léiríonn an taighde is déanaí ar an athrú aeráide go bhfuil stoirmeacha an Atlantaigh níos cumhachtaí agus níos coitianta agus go bhfuil níos mó agus níos mó báistí ag titim. Is cosúil go bhfuil na séasúir féin as a riocht.

**3.** Táimid buíoch as an trá, as na garraithe, agus as an bportach agus gach ní a mhaireann ann. Ach táimid buartha freisin. Fiú le linn ár saoil féin, feicimid taisce na timpeallachta ag dul i léig. Ní hé an t-aos óg a dhóigh an ola, a bhain an mhóin, a leag na crainn. Ach is muide a bheidh thíos leis. Tá an ghlúin seo réidh le tabhairt faoin athrú aeráide le fonn agus fuinneamh. Ach an bhfuil sibhse?

Seasaimis le chéile, mar phobal daonna domhanda, is déanaimis beart de réir ár mbriathair.

Is muide le dóchas,

Déagóirí Chois Fharraige.

**4.** Ghlac na déagóirí páirt i sraith ceardlann faoin timpeallacht. Dúirt an Dr John Caulfield as Ollscoil na Gaillimhe, a bhí i mbun an tionscadail, go ndearna an grúpa déagóirí 'cur síos cumhachtach' ina litir ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar iarthar na hÉireann. 'Murar féidir linn dul i ngleic leis an athrú aeráide, is iad an t-aos óg is mó a bheidh thíos leis. B'in an fáth ar oibrigh muid leis na déagóirí chun cuidiú leo a gcuid dóchais agus imní maidir leis an athrú aeráide a roinnt leis an domhan mór.'

**Ceisteanna**

**(a)** Cé a rinne an achainí dul i ngleic leis an athrú aeráide? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Ceannairí an domhain ☐
Taighdeoirí as Ollscoil na Gaillimhe ☐
Daoine óga **√** **= 5 mharc**

**(b)** Cén t-ábhar a bhí á phlé ag an gcomhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe? (Alt 1)

*Athrú aeráide*

| |
|---|
| **= 5 mharc** |

**(c)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoin tionchar atá ag an athrú aeráide ar an bhfarraige. (Alt 2)

*Is bagairt í an fharraige.*
*Tá leibhéal na farraige ag ardú.*
*Tá teocht na farraige ag ardú.*
*Tá stoirmeacha an Atlantaigh níos cumhachtaí.*
*Tá stoirmeacha an Atlantaigh níos coitianta.*

| | |
|---|---|
| 1: | **= 5 mharc** |
| 2: | **= 5 mharc** |

**(d)** Tabhair **dhá** phointe eolais a léiríonn an taighde is déanaí ar an athrú aeráide. (Alt 2)

*Tá stoirmeacha an Atlantaigh níos cumhachtaí.*
*Tá stoirmeacha an Atlantaigh níos coitianta.*
*Tá níos mó báistí ag titim.*
*I*s cosúil go bhfuil na séasúir féin as a riocht.

| | |
|---|---|
| 1: | **= 5 mharc** |
| 2: | **= 5 mharc** |

**(e)** Luaigh **dhá** rud a bhfuil na déagóirí seo buíoch astu. (Alt 3)

*An trá*
*Na garraithe*
*An portach*
*Gach ní a mhaireann ar an trá, sna garraithe, ar an bportach*
*T*aisce na timpeallachta*.*

| | |
|---|---|
| 1: | **= 5 mharc** |
| 2: | **= 5 mharc** |

**(f)** Luaigh **dhá** rud nach ndearna an t-aos óg. (Alt 3)

*Níor dhóigh siad an ola.*
*Níor bhain siad an mhóin.*
*Níor leag siad na crainn.*

| | |
|---|---|
| 1: | **= 5 mharc** |
| 2: | **= 5 mharc** |

**(g)** Cad a rinne an grúpa déagóirí ina litir, dar leis an Dr John Caulfield? (Alt 4)

*Dúirt sé go ndearna an grúpa déagóirí 'cur síos cumhachtach' ina litir ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar iarthar na hÉireann.*

| |
|---|
| **= 10 marc** |

*Dúirt sé go ndearna an grúpa déagóirí 'cur síos cumhachtach' ina litir ar an tionchar atá ag an athrú aeráide.*

| |
|---|
| **= 5 mharc** |

**(h)** Déan plé gairid ar ábhar imní **amháin** atá ort féin maidir leis an athrú aeráide.

*Imní ar bith ciallmhar*
*Plé ...*

| | |
|---|---|
| Imní: | **= 3 mharc** |
| Plé: | **= 2 mharc** |

**Ceist 5** **(40 marc)**

Ainmnigh *úrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.
*Ní mór teideal an úrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an úrscéil: **= 1 mharc** **Ainm an ú**dair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos ar eachtra **amháin** san úrscéal.
**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~~ _______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **14 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Luann an t-iarrthóir eachtra agus déanann sé cur síos ar eachtra sin.**<br>• Eachtra luaite / Plé maith ar an eachtra / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal / Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **14 - 11** |
| **Meán** | • Eachtra luaite nó tagairt do eachtra / Achoimre ar eachtra<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal / Iarracht smaointe a fhorbairt<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **10 - 7** |
| **Íseal** | • Iarracht ar eachtra a lua / Iarracht ar achoimre ar eachtra<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **6 - 3** |

**(b)** Conas a mhothaíonn tú féin faoin eachtra sin atá luaite agat thuas?
Mothúchán **= 2** Forbairt **= 4**

| Forbairt mhaith ar an mothúchán | Forbairt réasúnta ar an mothúchán | Forbairt lag ar an mothúchán |
|---|---|---|
| **4-3** | **2** | **1** |

**(c)** Déan cur síos gairid ar cheann **amháin** acu seo ón úrscéal:

teideal atmaisféar áit/suíomh téama críoch

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **12 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Ceann amháin ón liosta thuas luaite + cur síos déanta**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **12 - 11** |

| | | |
|---|---|---|
| **Meán** | • **Iarracht ar chur síos ar cheann amháin ón liosta thuas**<br>• Tuiscint reásúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don úrscéal<br>• Smaointe laga<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **10 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar an úrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **7 - 3** |

**(d)** Cé acu sásta *nó* míshásta atá tú leis an bpríomhcharachtar san úrscéal? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Fáth **= 4**

| Forbairt mhaith ar an bhfáth | Forbairt réasúnta ar an bhfáth | Forbairt lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **4-3** | **2** | **1** |

**Ceist 6** **(50 marc)**



(Ócáid mhór in Éirinn *nó* Ócáid mhór thar lear)



(Ag cóisir bhreithlae *nó* lá sa chathair)

Scríobh alt d'iris na scoile faoi cheann **amháin** díobh seo thuas. San alt pléigh na pointí seo a leanas:

- an fáth a raibh tú ann
- pointe **amháin** faoin áit
- eachtra **amháin** a tharla
- pointe **amháin** faoin aimsir
- pointe **amháin** faoi na daoine
- pointe **amháin** eile.

**N.B: (Taispeáin tic do gach pointe agus ∼∼∼ mar is cóir)**

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **50 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir alt i ndialann bunaithe ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5/6 phointe forbartha go maith<br>• Tuiscint mhaith ar sainréim teanga áititheach<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **50 - 44** |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe reasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/6 phointe<br>• Teanga atá saghas ábhartha don tasc<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) in úsáid ar chaighdeán réasúnta. | **43 - 25** |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/6 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán íseal<br>• Stór focal theoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnach. | **24 - 5** |

**Ceist 7** **(10 marc)**

**(a)** Léigh an t-alt thíos. Feicfidh tú go bhfuil bearnaí sa téacs. Líon na bearnaí leis an bhfocal as an liosta thíos is dóigh leat atá ceart. Bí cúramach, tá **dhá** fhocal ann nach bhfuil le húsáid ar chor ar bith.

# Dua Lipa - réalta na n-amhrán

Is amhránaí **~~agus~~** (1) cumadóir amhrán cáiliúil í Dua Lipa. Rugadh Dua Lipa sa bhliain 1995 san Albáin **ach** √ (2) tá cónaí uirthi i Londain anois. Thosaigh Dua Lipa ag canadh **amhrán** √ (3) nuair a bhí sí an-óg. Canann sí amhráin as Albáinis agus **Béarla** √ (4). Bronnadh an-chuid gradam **uirthi** √ (5). Beidh ceolchoirm ag Dua Lipa i Staid Aviva **i** √ (6) mBaile Átha Cliath ar an Aoine, 27 Meitheamh i mbliana.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **amhrán** | **insíonn** | **uirthi** | **i** |
| **do** | **~~agus~~** | **ach** | **Béarla** |

**√ X 2 = 10 marc**

**Ceist 8** **(25 marc)**

Ainmnigh *gearrscannán nó dráma* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an ghearrscannáin/an dráma sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an ghearrscannáin/an dráma: **= 1 mharc** Ainm an údair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos gairid ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir 〰〰〰 ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **15 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar thús nó ar chríoch ghearrscannáin/an dráma.**<br>• Plé maith ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don ghearrscannáin/an dráma.<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **15 - 12** |
| **Meán** | • Achoimre ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.<br>• Plé réasúnta ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.<br>• Insint lom ar an ngearrscannáin/an dráma.<br>• Beagán tuiscint le sonrú<br>• Gan mórán tagairt don ghearrscannáin/an dráma.<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **11 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.<br>• Cur síos lag ar an ngearrscannáin/an dráma.<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **7 - 4** |

**(b)** Ar thaitin plota *nó* téama an ghearrscannáin/an dráma leat féin? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Cúis **= 6**

| Forbairt mhaith ar an gcúis | Forbairt réasúnta ar an gcúis | Forbairt lag ar an gcúis |
|---|---|---|
| **6 -5** | **4 - 3** | **2 - 1** |

**Ceist 9** **(10 marc)**

**(a)** Tá trí fhocal i gcló trom i ngach ceann de na habairtí thíos. Tá ceann amháin de na focail sin ceart. Cuir ciorcal timpeall an fhocail amháin sin is dóigh leat atá ceart. Tá **(1)** déanta mar shampla duit.

## Coláiste samhraidh ar fud na Gaeltachta




Ransú Smaointe

**(i)** **Freastal / Fhreastail / D'fhreastail** breis is 26,000 déagóir ar na cúrsa samhraidh sa Ghaeltacht anuraidh.

**(ii)** **Fan / Fhan / D'fhan** na scoláirí le teaghlaigh áitiúla.

**(iii)** Chuir 16 **theaghlach / teaghlaigh / theaghlaigh** bhreise lóistín ar fáil do scoláirí anuraidh i gcomparáid le 2023.

**(iv)** Bhí idir **seisear / seisir / sé** agus deichniúr scoláirí sna tithe cónaithe céanna.

**(v)** Shiúil na scoláirí go dtí an **gcoláiste / coláiste / coláistí** gach maidin.

**(vi)** Bhí cluichí, céilí, ceol agus a lán **imeacht / imeachta / imeachtaí** eile ar siúl gach tráthnóna.

**√ X 1 = 5 mharc**

**(b)** Ar mhaith leat féin freastal ar choláiste samhraidh sa Ghaeltacht? Tabhair cúis **amháin** le do rogha.

**Freagra - 2**
**Cúis = 3**

| Cur síos maith ar an gcúis | Cur síos réasúnta ar an gcúis | Cur síos lag ar an gcúis |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**Ceist 10** **(25 marc)**

Roghnaigh *dán/amhrán* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an dáin/an amhráin sin agus ainm an té a chum a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an dáin/an amhráin: **1 marc** Ainm an duine a chum: **1 marc**

**(a)** Déan cur síos ar **dhá** mhothúchán a spreagann an dán/an t-amhrán ionat féin.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tick agus cuir ~~~ ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **16 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar mhothúchán.**<br>• Mothúchán luaite / Cur síos maith / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don dán/amhrán / Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **Mothúchán (1) 8 - 7**<br>**Mothúchán (2) 8 - 7** |
| **Meán** | • Mothúchán luaite nó tagairt do mhothúchán / Achoimre ar mothúchán<br>• Gan mórán tagairtí don dán/amhrán / Iarracht smaointe a fhorbairt<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **Mothúchán (1) 6 - 5**<br>**Mothúchán (2) 6 - 5** |
| **Íseal** | • Iarracht ar mothúchán a lua / Iarracht ar achoimre ar mhothúchán<br>• Iarracht ar achoimre ar an dán/amhrán / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **Mothúchán (1) 4 - 2**<br>**Mothúchán (2) 4 - 2** |

Mothúchán 1:

**(b)** Déan cur síos gairid ar íomhá amháin sa dán/san amhrán a thaitníonn leat féin.

Íomhá **= 2** Fáth **= 5**

| Forbairt mhaith ar an bhfáth | Forbairt réasúnta ar an bhfáth | Forbairt lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **5 -4** | **3** | **2 - 1** |

**Aguisín 1**

## SOCRUITHE RÉASÚNTA – Scéim Mhodhnaithe

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as Gaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc don Ghaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

**Níor chóir duit** líne a chur faoi bhotúin litriú, faoi bhotúin phoncaíochta ná faoi bhotúin ghramadaí.

**N.B.** Cuir siombail anótáilte **SMM** ar leathanach a haon an fhreagarleabhair.

### Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta (Modhnaithe)

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir ar seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a fiafraíodh dó/di a fhreagairt?
**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta?
**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?
**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, ailt, camóga a úsáid srl.
**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann, an bhfuil botúin ghramadaí ann. Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga?
**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.
**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú, cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú?

**Ceist 1:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 2:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 3:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 4:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 5** **(40 marc)**

Ainmnigh *úrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.
*Ní mór teideal an úrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an úrscéil: **= 1 mharc** **Ainm an ú**dair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos ar eachtra **amháin** san úrscéal.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~ ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **14 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Luann an t-iarrthóir eachtra agus déanann sé cur síos ar eachtra sin.**<br>• Eachtra luaite / Plé maith ar an eachtra / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal / Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **14 - 11** |
| **Meán** | • Eachtra luaite nó tagairt do eachtra / Achoimre ar eachtra<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal / Iarracht smaointe a fhorbairt<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **10 - 7** |
| **Íseal** | • Iarracht ar eachtra a lua / Iarracht ar achoimre ar eachtra<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **6 - 3** |

**(b)** Conas a mhothaíonn tú féin faoin eachtra sin atá luaite agat thuas?
Mothúchán **= 2** Forbairt **= 4**

| Forbairt mhaith ar an mothúchán | Forbairt réasúnta ar an mothúchán | Forbairt lag ar an mothúchán |
|---|---|---|
| **4-3** | **2** | **1** |

**(c)** Déan cur síos gairid ar cheann **amháin** acu seo ón úrscéal:

teideal atmaisféar áit/suíomh téama críoch

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **12 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Ceann amháin ón liosta thuas luaite + cur síos déanta**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **12 - 11** |
| **Meán** | • **Iarracht ar chur síos ar cheann amháin ón liosta thuas**<br>• Tuiscint reásúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don úrscéal<br>• Smaointe laga<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **10 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar an úrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **7 - 3** |

**(d)** Cé acu sásta *nó* míshásta atá tú leis an bpríomhcharachtar san úrscéal? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Fáth **= 4**

| Forbairt mhaith ar an bhfáth | Forbairt réasúnta ar an bhfáth | Forbairt lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **4-3** | **2** | **1** |

**Ceist 6** **(50 marc)**



(Ócáid mhór in Éirinn *nó* Ócáid mhór thar lear)



(Ag cóisir bhreithlae *nó* lá sa chathair)

Scríobh alt d'iris na scoile faoi cheann **amháin** díobh seo thuas. San alt pléigh na pointí seo a leanas:

- an fáth a raibh tú ann
- pointe **amháin** faoin áit
- eachtra **amháin** a tharla
- pointe **amháin** faoin aimsir
- pointe **amháin** faoi na daoine
- pointe **amháin** eile.

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **50 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir alt i ndialann bunaithe ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5/6 phointe forbartha go maith<br>• Tuiscint mhaith ar sainréim teanga áititheach<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith. | **50 - 44** |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe reasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/6 phointe<br>• Teanga atá saghas ábhartha don tasc<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas. | **43 - 25** |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/6 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste. | **24 - 5** |

**Ceist 7: (a)** Mar an gcéanna leis an gnáth scéim.

**Ceist 8** **(25 marc)**

Ainmnigh *gearrscannán nó dráma* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an ghearrscannáin/an dráma sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an ghearrscannáin/an dráma: **= 1 mharc** Ainm an údair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos gairid ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **15 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar thús nó ar chríoch ghearrscannáin/an dráma.**<br>• Plé maith ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin.<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don ghearrscannáin/an dráma.<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **15 - 12** |
| **Meán** | • Achoimre ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.<br>• Plé réasúnta ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.<br>• Insint lom ar an ngearrscannáin/an dráma.<br>• Beagán tuiscint le sonrú<br>• Gan mórán tagairt don ghearrscannáin/an dráma.<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **11 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar thús nó ar chríoch an ghearrscannáin/an dráma.<br>• Cur síos lag ar an ngearrscannáin/an dráma.<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **7 - 4** |

**(b)** Ar thaitin plota *nó* téama an ghearrscannáin/an dráma leat féin? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Cúis **= 6**

| Forbairt mhaith le fáth an mhairc | Forbairt réasúnta le fáth an mhairc | Forbairt lag le fáth an mhairc |
|---|---|---|
| **6 -5** | **4 - 3** | **2 - 1** |

**Ceist 9:**

**(a)** Mar an gcéanna leis an ngnáth Scéim Mharcála.

**(b)** Ar mhaith leat féin freastal ar choláiste samhraidh sa Ghaeltacht? Tabhair cúis **amháin** le do rogha.

Freagra **= 2**
Cúis **= 3**

| Cur síos maith ar an gcúis | Cur síos réasúnta ar an gcúis | Cur síos lag ar an gcúis |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**Ceist 10** **(25 marc)**

Roghnaigh *dán/amhrán* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an dáin/an amhráin sin agus ainm an té a chum a scríobh síos go cruinn.*

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an dáin/an amhráin: **1 marc** Ainm an duine a chum: **1 marc**

**(a)** Déan cur síos ar **dhá** mhothúchán a spreagann an dán/an t-amhrán ionat féin.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **16 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar mhothúchán.**<br>• Mothúchán luaite / Cur síos maith / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don dán/amhrán / Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **Mothúchán (1)**<br>**8 - 7**<br>**Mothúchán (2)**<br>**8 - 7** |
| **Meán** | • Mothúchán luaite nó tagairt do mhothúchán / Achoimre ar mothúchán<br>• Gan mórán tagairtí don dán/amhrán / Iarracht smaointe a fhorbairt<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **Mothúchán (1)**<br>**6 - 5**<br>**Mothúchán (2)**<br>**6 - 5** |
| **Íseal** | • Iarracht ar mothúchán a lua / Iarracht ar achoimre ar mhothúchán<br>• Iarracht ar achoimre ar an dán/amhrán / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **Mothúchán (1)**<br>**4 - 2**<br>**Mothúchán (2)**<br>**4 - 2** |

Mothúchán 1:

**(b)** Déan cur síos gairid ar íomhá amháin sa dán/san amhrán a thaitníonn leat féin.

Íomhá **= 2** Fáth **= 5**

| Forbairt mhaith ar an bhfáth | Forbairt réasúnta ar an bhfáth | Forbairt lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **5 -4** | **3** | **2 - 1** |

## Aguisín 2

**Cuirtear marc coigeartaithe i bhfeidhm ar iarracht an iarrthóra i gceist 5, i gceist 8 agus i gceist 10.**

**(1)** Ábhar dualgais don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach.
Tá na téacsanna dualgais do 2025 leagtha síos in Imlitir 0015/2023. Má tá aon amhras ar an scrúdaitheoir faoi bhailíocht na dtéacsanna sna hiarrachtaí, sna ceisteanna thíos, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach faoi sin. Má baineadh úsáid as téacsanna nach bhfuil luaite mar ábhar dualgais i gCeist 5, i gCeist 8 agus i gCeist 10 ba chóir marc iomlán an iarrthóra sa cheist/sna ceisteanna sin a laghdú (-50%).

**(2)** Má tharlaíonn gur úsáid an t-iarrthóir an seánra mícheart i gCeist 5, i gCeist 8 agus i gCeist 10 ba chóir marc iomlán an iarrthóra sa cheist/sna ceisteanna sin a laghdú (-50%).

**N.B.** Déan an ríomh ar pháipéar le do thoil agus cuir isteach an marc ceart / coigeartaithe ar RM Assessor.

## S7 T2 Ard 2025 Cluastuiscint: Téipscript

### Píosa Cainte

Tá na Gardaí ag iarraidh ar phobal Bhéal an Átha súil a choimeád amach do mhadra treorach atá ar iarraidh le trí lá anuas. Labrador buí ceithre bliana d'aois é Bran agus tá a úinéir, Seán Ó Sé, caillte gan é. Chonacthas an madra den uair dheireanach ina ghairdín cúil ar Bhóthar an Chaisleáin. Creideann na gardaí gur goideadh an madra am éigin idir a sé agus a seacht a chlog tráthnóna Dé Sathairn seo caite. Tá Seán sásta duais €100 a bhronnadh ar aon duine a thugann a mhadra, Bran, ar ais dó. Má tá aon eolas ag aon duine faoin madra seo atá ar iarraidh, ba cheart dóibh glaoch ar na gardaí i mBéal an Átha ag an uimhir 096 21789.

### Fógra

Dia daoibh, a scoláirí, an príomhoide anseo. Tá feachtas nua tosaithe ag scoláirí na hidirbhliana anseo i gColáiste na Coille. 'Glas agus Glan' is ainm don fheachtas agus beidh muid ag iarraidh ar phobal na scoile a bheith páirteach ann. Beidh bruscar páipéir le cur sna boscaí nua glasa a cuireadh in achan seomra ar fud na scoile. Déanfar an páipéar sin a athchúrsáil ansin. Ón chéad lá de Dheireadh Fómhair, beidh cosc ar phlaisteach aon-úsáide sa scoil. Beidh muid ag iarraidh ar achan duine a gcuid ceapairí a iompar i mboscaí lóin agus gan iad a chur i málaí plaisteacha ón dáta sin amach. Beidh orainn uilig fleasc a úsáid dár gcuid deochanna mar beidh cosc iomlán ar bhuidéil phlaisteacha fosta. Má éiríonn go maith lenár gcuid iarrachtaí, b'fhéidir go mbuafaidh an scoil bratach ghlas roimh dheireadh na bliana.

## Comhrá
## Mír 1

| | |
|---|---|
| **Múinteoir** | A Ruairí!...*A Ruairí*! An bhfuil tú ag éisteacht liom in aon chor? |
| **Ruairí** | Huh?...Ó..a.. tá, a mhúinteoir! |
| **Múinteoir** | Bhuel, inis dom go díreach cad atá mé tar éis a rá leis an rang! |
| **Ruairí** | Ó.. a… a.. gurb í Maidrid príomhchathair na Fraince? |
| **Múinteoir** | A Ruairí de Brún! Is í Maidrid príomhchathair na Spáinne! Is maith a bhí a fhios agam nach raibh tú ag éisteacht leis an gceacht! |
| **Ruairí** | Huh?.. Gabh mo leithscéal, a mhúinteoir, níor chuala mé i gceart thú. |
| **Múinteoir** | A Ruairí, an bhfuil cluasáin i do chluasa agat? An féidir go bhfuil tusa ag éisteacht le ceol in ionad a bheith ag glacadh páirte sa cheacht? |
| **Ruairí** | Tá brón orm, a mhúinteoir, ní dhéanfaidh mé arís é. |

## Mír 2

| | |
|---|---|
| **Múinteoir** | Tabhair dom na cluasáin sin láithreach, más é do thoil é! |
| **Ruairí** | Ach, a mhúinteoir, tá siad úrnua! Cheannaigh mé féin agus m'aintín Nóra inné iad! |
| **Múinteoir** | Agus tóg amach an obair bhaile don lá inniu, más é do thoil é! |
| **Ruairí** | An obair bhaile, a mhúinteoir? Á bhuel, ní raibh deis agam í sin a dhéanamh. |
| **Múinteoir** | Agus cén fáth sin, a Ruairí? |
| **Ruairí** | Bhuel, mar a bhí mé á rá leat, bhí mé féin agus m'aintín Nóra istigh i lár na cathrach ag ceannach na gcluasán inné agus faoin am a rabhamar críochnaithe sna siopaí, sa bhialann agus ansin sa phictiúrlann, bhí sé i bhfad ró-dhéanach le bheith ag smaoineamh ar obair bhaile … |
| **Múinteoir** | Siopaí?... Bialann?... Pictiúrlann? Níor chuala mé a leithéid riamh! Cuirfidh mise glaoch ar do thuismitheoirí inniu! Beidh ortsa fanacht siar ar feadh uair an chloig tráthnóna Dé hAoine leis an obair bhaile sin a chríochnú! |
| **Ruairí** | Aon seans go bhféadfainn éisteacht le ceol ar mo chuid cluasán nuair a bheidh mé ag fanacht siar? |
| **Múinteoir** | Tá seans an-mhaith ann go mbeidh tú ag fanacht siar ar feadh dhá uair an chloig mura mbeidh tú cúramach! |
| **Ruairí** | Áaaa! Cén mí-ádh atá ormsa in aon chor! |